Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0136(COD)**

9980/1/20
REV 1 ADD 1

CADREFIN 186
RESPR 48
POLGEN 129
FIN 518
CODEC 700
PARLNAT 135

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Glactha ag an gComhairle an 14 Nollaig 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 2 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún pacáiste tograí maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (CAI). Sa phacáiste reachtach, bhí togra le haghaidh Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit in Airteagal 322(1)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar bhunús dlí.

2. An 12 Iúil 2018, ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim maidir leis an togra[1].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019.

4. Chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíochta i mí Dheireadh Fómhair 2020 d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 5 Samhain 2020 agus tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le téacs comhréitigh.

5. An 12 Samhain 2020, chuir Cathaoirligh Choiste Pharlaimint na hEorpa um Buiséid (BUDG) agus um Rialú Buiséadach (CONT) litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe ina luaitear go molfaidís don seisiún iomlánach seasamh na Comhairle a ghlacadh gan leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint dá ndéanfadh an Chomhairle a seasamh, mar a comhaontaíodh é, a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa, faoi réir faoi réir fíorúchán dlítheangeolaíoch.

6. An 16 Samhain 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe téacs comhréitigh an Rialacháin, faoi mar a chomhaontaigh an dá institiúid é.

---

1 ST 11707/18 - OI C 291, 17.8.2018, lch. 1

## II. CUSPÓIR

7. Eascraíonn sé ó thoradh na caibidlíochta gurb é is aidhm don Rialachán córas ginearálta coinníollachta a bhunú chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás ina ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear, nó nuair a bhíonn riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh siad difear, do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach atá díreach go leor.

8. D'áiritheofaí leis an sásra sin go mbeadh aon bhearta a dhéanfaí comhréireach, agus sholáthrófaí uirlisí chun cosaint na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh a neartú.

9. Ba cheart don nós imeachta lena nglacfaí agus lena mbainfí na bearta prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát a urramú freisin, agus ba cheart é a chur i bhfeidhm de réir cur chuige neamhpháirteach fianaise-bhunaithe. Go háirithe, bheadh an deis ag aon Bhallstát lena mbaineann an nós imeachta as a n-eascróidh glacadh féideartha beart a chuid barúlacha a chur ar fáil maidir leis na torthaí, bearta ceartaitheacha a mholadh, agus barúlacha a thíolacadh maidir le comhréireacht na mbeart atá beartaithe.

10. Thabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle chun bearta a ghlacadh agus a bhaint, agus ba cheart di gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Nóta ginearálta

11. I ndiaidh an vóta sa chruinniú iomlánach, chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm léi teacht ar chomhaontú ar an dara léamh ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

12. Leagtar amach príomhghnéithe an chomhréitigh ar tháinig Parlaimint na hEorpa air thíos:

- rinneadh cineál an tsásra sin i ndáil le cosaint bhuiséad an Aontais a shoiléiriú agus a threisiú;
- sonraíodh na coinníollacha maidir leis na bearta a ghlacadh ar bhealach níos fearr;
- tá méadú tagtha ar chosaint na bhfaighteoirí agus na dtairbhithe deiridh;
- sainíodh ról sonrach do Pharlaimint na hEorpa;
- leathnaíodh raon feidhme na mbeart chun a áirithiú go mbeadh feidhm ag an sásra coinníollachta maidir le hacmhainní a leithdháiltear trí Next Generation EU agus nuair a chuirtear buiséad an Aontais chun feidhme trí iasachtaí agus ionstraimí eile a ráthaítear le buiséad an Aontais;

– feabhsaíodh éifeachtúlacht na nósanna imeachta maidir le bearta a ghlacadh nó a bhaint;

– tá sé bunaithe anois go nglacfar agus go mbainfear bearta trí chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn togra ón gCoimisiún;

– táthar tar éis clásal tuairiscithe nua tar éis trí bliana a thabhairt isteach.

## IV. CONCLÚID

13. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus ar chabhraigh an Coimisiún leis. Daingnítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirligh an Choiste um Buiséid agus an Choiste um Rialú Buiséadach chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 12 Samhain 2020.